Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Aibreán 2024
(OR. en)

8144/24
ADD 1
LIMITE
PV CONS 14
RELEX 409

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

18 Márta 2024

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

PUBLIC

3. **Cúrsaí reatha**[1]

Phléigh an Chomhairle an Airméin agus an Asarbaiseáin, an Nígir agus Háítí.

4. **Fogha na Rúise faoin Úcráin**[2]
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le freagairt an Aontais ar fhogha na Rúise faoin Úcráin.

5. **An Bhealarúis**
*Seisiún tuairimíochta*

Phléigh an Chomhairle an staid sa Bhealarúis.

6. **An staid sa Mheánoirthear**
*Seisiún tuairimíochta*

Phléigh an Chomhairle ar thit amach le déanaí sa réigiún agus freagairt an Aontais.

7. **Aon ghnó eile**

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Iodáil agus an Ostair ar fáil maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin (7658/24), ón Iodáil maidir lena tionscnamh 'Bia do Gaza' (7861/24) agus ón mBeilg maidir leis an gCoimisiún um Stádas na mBan (CSW) (7764/24).

---

[1] Lena n-áirítear seisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil le Státrúnaí na Stát Aontaithe (trí fhíschomhdháil)

[2] Lena n-áirítear seisiún neamhfhoirmiúil tuairimíochta le hAire Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine (trí fhíschomhdháil)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 7739/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas agus an tSile**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN mBEILG AGUS ÓN bhFRAINC**

'1. Measann an Bheilg agus an Fhrainc go bhfuil an caidreamh leis an tSile an-tábhachtach ós rud é go síleann siad gur féidir brath uirthi chun tacú leis an iltaobhachas agus measann siad gur comhpháirtí daonlathach tábhachtach í.

2. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Bheilg agus don Fhrainc nuachóiriú an Chomhaontaithe Comhlachais atá i bhfeidhm ó 2003 idir an tAontas Eorpach agus an tSile agus síniú an Mheabhráin Tuisceana idir an tAontas agus an tSile an 18 Iúil 2023, maidir le comhpháirtíocht straitéiseach i ndáil le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe. Ba ghá an Comhaontú Comhlachais a nuachóiriú chun réaltachtaí nua polaitiúla agus eacnamaíocha agus an dul chun cinn a rinneadh sa chomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus an tSile a chur san áireamh.

3. Go háirithe, is díol sásaimh don Bheilg agus don Fhrainc gur cuireadh isteach forálacha agus gealltanais nua maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe. Le linn na caibidlíochta, d'iarr an Bheilg agus an Fhrainc go gcuirfí forálacha uaillmhianacha, ceangailteacha agus in-fhorfheidhmithe maidir leis an gcomhshaol, leis an aeráid agus le cearta sóisialta san áireamh.

4. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Bheilg agus don Fhrainc an dearbhú comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ón tSile maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe, lena léirítear ní hamháin toilteanas na bpáirtithe na tosaíochtaí coiteanna trádála agus forbartha inbhuanaithe a shainaithnítear sa Chomhaontú a chur chun feidhme, agus é sin a dhéanamh trí pháirt iomlán a thabhairt don tsochaí shibhialta, ach freisin gealltanas na bpáirtithe na forálacha maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe a neartú a thuilleadh trí phróiseas foirmiúil athbhreithnithe ar ghealltanais i leith na trádála agus na forbartha inbhuanaithe a thionscnamh, ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Saorthrádála Eatramhaigh, agus an próiseas sin a thabhairt i gcrích laistigh de 12 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm.

5. Maidir leis na gnéithe a bhaineann leis an trádáil agus leis an bhforbairt inbhuanaithe atá sa Chomhaontú cheana féin, leagann an Bheilg agus an Fhrainc tábhacht ar leith ar thiomantas na bpáirtithe croíphrionsabail EIS a urramú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach, agus obair a dhéanamh ar bhunphrionsabal nua EIS maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, chomh maith leis an ngealltanas atá tugtha acu Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide a urramú agus a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear na gealltanais a mhéid a bhaineann lena ranníocaíochtaí arna gcinneadh go náisiúnta, agus an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht.



PUBLIC

6. I ndáil le trádáil agus forbairt inbhuanaithe freisin, leagann an Bheilg agus an Fhrainc béim ar a thábhachtaí atá na gealltanais a tugadh i gCaibidil 7 den Chomhaontú ó thaobh comhair de maidir le córais bhia inbhuanaithe agus déanfaidh sí dlúthfhaireachán ar obair an fhochoiste ábhartha go háirithe, d'fhonn teacht ar chomhaontú bliantúil maidir leis na gníomhaíochtaí atá le cur i bhfeidhm chun cuspóirí na caibidle sin a shaothrú. Is amhlaidh atá i gcás Chaibidil 8 maidir le fuinneamh agus amhábhair, go háirithe an gealltanas comhpháirteach measúnuithe tionchair ar an gcomhshaol a dhéanamh ar thionscadail nó ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh nó amhábhair ar dócha go mbeidh tionchar suntasach acu ar an daonra; ar shláinte an duine; ar an mbithéagsúlacht; ar an talamh, ar an ithir, ar an aer, agus ar an aeráid; agus ar an oidhreacht chultúrtha nó ar an tírdhreach. Tabharfar aird ar leith ar rannpháirtíocht na bpobal áitiúil i ndáil leis sin.

7. A mhéid a bhaineann le próiseas athbhreithnithe na caibidle maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe den Chomhaontú, iarrann an Bheilg agus an Fhrainc go ndéanfaí ailíniú le Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2022 maidir leis an athbhreithniú ar thrádáil agus forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear *inter alia* tuilleadh feabhais a chur ar shásra infheidhmeachta na caibidle maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe, lena gcuimsítear an fhéidearthacht céim chomhlíontachta a chur i bhfeidhm, agus frithbhearta ábhartha mar rogha dheiridh.

8. Is ar bhonn an phlean oibre sin atá an Bheilg agus an Fhrainc sásta na comhaontuithe idir an tAontas agus an tSile a shíniú.

9. Déanfaidh an Bheilg agus an Fhrainc dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí coiteanna a sainaithníodh sa Chomhaontú, chomh maith leis an gcaibidlíocht a bhaineann leis an athbhreithniú ar an gcaibidil maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe agus comhlíonadh leis an tréimhse 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Saorthrádála Eatramhaigh chun an próiseas athbhreithnithe sin a thabhairt chun críche. Iarrann an Bheilg agus an Fhrainc trédhearcacht iomlán ón gCoimisiún le linn an phróisis sin.'

**RÁITEAS ÓN nGRÉIG**

'1. Aithníonn an Ghréig tábhacht pholaitiúil agus eacnamaíoch an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile.

2. Cuireann an Ghréig i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tásca geografacha a chosaint agus cuireann sí in iúl gur cúis imní di an cleachtas trádmharcanna a chlárú de mheon mímhacánta, rud a bhaineann an bonn de chur chun feidhme éifeachtach chosaint na dtásc geografach dá bhforáiltear sa Chomhaontú.

3. Measann an Ghréig go mbeidh an tSile, ag gníomhú di de mheon macánta, i gcomhréir leis an ngealltanas a tugadh sa litir ón Aire Gníomhach Gnóthaí Eachtracha an 28 Feabhra 2022, ar dá réir a dhéanfaí an cinneadh críochnaitheach maidir le hagóidí in aghaidh iarratas ar thrádmharc sula síneofaí an Comhaontú Comhlachais nuachóirithe idir an tAontas agus an tSile agus go gcuirfí torthaí an phróisis sin in iúl don Aontas.

4. Iarrann an Ghréig ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist i gcomhthéacs chur chun feidhme agus fhorfheidhmiú éifeachtach an Chomhaontaithe.'

**Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** **Conclúidí maidir leis an taidhleoireacht ghlas**
*Formheas*

**Ráiteas ón Ostair, ón nGearmáin, ón bPortaingéil, ón Spáinn agus ó Lucsamburg**

'Leagaimid béim ar an tábhacht atá le Taidhleoireacht Ghlas an Aontais agus tacaímid leis na Conclúidí ón gComhairle. Ach táimid den tuairim nach foinse fuinnimh ghlas ná in-athnuaite í an chumhacht núicléach agus nach teicneolaíocht shábháilte ná inbhuanaithe í, agus nach gcumhdaítear í, dá réir sin, leis an tagairt i leith "cur chun feidhme teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe". Athdhearbhaímid nár cheart comhar agus tacaíocht ar leibhéal an Aontais a dhíriú ach ar theicneolaíochtaí in-athnuaite agus ar éifeachtúlacht fuinnimh.

Thairis sin, measaimid nár cheart an tagairt d'éagsúlú na soláthairtí breoslaí núicléacha a léirmhíniú ar bhealach go mbainfeadh lucht taidhleoireachta an Aontais inniúlacht sa bhreis amach. Leanfar de thrádáil na teicneolaíocht núicléiche agus an bhreosla núicléach agus urraim dhocht á tabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát agus an Aontais. Na hiarrachtaí atá á ndéanamh mar chuid de thaidhleoireacht fuinnimh an Aontais maidir le héagsúlú an tsoláthair gáis nádúrtha, ní féidir fasach a bhunú leo chun a mhacasamhail in earnáil an fhuinnimh núicléach a dhéanamh.'

**Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'A':** **Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána**
*Glacadh*

**RÁITEAS ÓN nGRÉIG**

'Ag meabhrú dúinn ár ráiteas roimhe seo i mí na Bealtaine 2023 i ndáil le gach gné de Chinneadh 2023/927 ón gComhairle, ba mhaith linn an méid a leanas a chur i dtábhacht:

1. Tá an Ghréig tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, lena n-áirítear tríd an tSaoráid Eorpach Síochána. Tacaímid leis an gCiste Cúnaimh don Úcráin a bhunú, ar an gcoinníoll go gcuirfear san áireamh ár leasanna slándála agus cosanta ar bhealach cuí.
2. I ndáil leis an méid sin, measann an Ghréig nach fasach iad forálacha an Chinnidh seo maidir le haon téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le cinntí nó rialacháin amach anseo a bhaineann le tionscal cosanta na hEorpa.
3. Thairis sin, níor cheart solúbthacht a dheonú i ndáil le hoibreoirí atá bunaithe lasmuigh den Aontas nó den Iorua nó a bhfuil suíomh a dtáirgthe lasmuigh den Aontas nó den Iorua, ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus i gcomhréir iomlán leis na rialacha tionscnaimh agus náisiúntachta a sholáthraítear i Rialacha Cur Chun Feidhme na Saoráide.
4. Ar deireadh, d'fhonn na ngníomhaíochtaí a áirítear sna bearta cúnaimh a bheidh ann amach anseo a mhaoiniú chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine, cuireann an Ghréig i dtreis an oibleagáid atá ar na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil maidir leis na soláthraithe agus na fochonraitheoirí lena mbaineann.'